

**Nuair a bhí Joe tinn  
Ceacht a Dó**

Naise leis an gCuraclam:		
<b>OSPS</b>	<b>Snáith:</b> Mise	<b>Snáithaonad:</b> Féinaithne
<b>Gaeilge</b>	<b>Snáith:</b> Labhairt	<b>Snáithaonaid:</b> Ag cothú spéise, Ag úsáid teanga
<b>Ceol</b>	<b>Snáith:</b> Éisteacht agus freagairt	<b>Snáithaonaid:</b> Iniúchadh fuaimeanna, Éisteacht le ceol agus freagairt dó

**Gníomhaíocht a hAon – Fuaimeanna arda agus ísle  
Gníomhaíocht a Dó – Ag freagairt do na fuaimeanna timpeall orainn  
Gníomhaíocht a Trí – Do rogha!**

**Cuspóirí:**

- *Beidh sé ar chumas na bpáistí plé a dhéanamh ar fhuaimneanna arda agus ísle i gcomhthéacs an scéil.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí éisteacht le fuaimeanna timpeall orainn agus freagairt do na fuaimeanna sin agus iniúchadh a dhéanamh orthu.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí éisteacht le dha phársa ceoil agus rogha a dhéanamh, le plé, ar cé acu is fearr do leanbh tinn.*

**Gníomhaíocht a hAon - Fuaimeanna arda agus ísle**

- Leis an rang, smaoinigh ar agus scríobh síos liosta de fhuaimneanna arda agus ísle.
- Iarr ar na páistí cuimhneamh ar Jackie agus Joe. Cuir i gcuimhne go raibh Joe tinn agus gur theastaigh ó Jackie cabhrú leis ag canadh amhráin dó. “*Ar úsáid sí guth ard nó guth íseal?*”
- Iarr ar na páistí obair i ngrúpaí agus an cheist seo a phlé: “*Nuair a bhíonn tusa tinn an maith leat fuaim ard nó fuaim íseal?*”
- Iarr ar na páistí a gcuid freagraí a roinnt leis an rang.
- Bain triail as fuaimeanna arda agus ísle leis an amhrán 'Boom Chicka Boom' (nó amhrán ar bith a athraíonn ó ard go híseal).

**Gníomhaíocht a Dó - Ag freagairt do na fuaimeanna timpeall orainn**

- Abair leis na páistí gan féachaint ar an gClár Bán Idirghníomhach (casadh timpeall/súile a dhúnadh).
- Cuir an físeán ceoil (thíos) ar siúl. Stop go minic é agus iarr ar na páistí buile faoi thuairim a thabhairt ar na fuaimeanna a chloiseann siad, agus a rá an bhfuil siad ard nó íseal.
- <http://s2.video.ketnooi.com/video/Y9JwTwCfodQ/-hd-everyday-sounds-musical-montage-flight-of-the-conchords.html>
- D'fhéadfá an rud ceanna a dhéanamh gan físeán, ag baint leas as gnáthrudáí – clog, uirlis, liathróid, páipear srl – chun fuaimeanna a dhéanamh as radharc na bpáistí, agus iad a phlé.
- Ansin is féidir Tráth na gCeist a dhéanamh ag baint leas as an nasc seo:  
<http://www.tes.co.uk/teaching-resource/Listening-to-Sounds-6085132>

### **Gníomhaíocht a Trí - Do rogha!**

- Seinn dhá phíosa ceoil do na páistí: ceann amháin atá ciúin, seimh cosúil le suantraí agus ceann eile atá ard, bríomhar agus gníomhach. Tá samplaí thíos nó roghnaigh do chinn féin.
- “*Samhlaigh gur Jackie tú anois agus tá tú ag roghnú píosa amháin le seinm do Joe agus é tinn. Cé acu a bheadh go maith do Joe bocht tinn? Agus cén fáth?*” Pléigh an rogha agus na fáthanna.
- Samplaí: (píosa ard) [http://www.youtube.com/watch?v=o1\\_Gj8Zupyk](http://www.youtube.com/watch?v=o1_Gj8Zupyk) agus (píosa ciúin) <http://fionakelleher.com/blog/listen/>